Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Iascach

2026/2074(INI)

17.6.2026

DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir leis an bplean ilbhliantúil do stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar
(2026/2074(INI))

An Coiste um Iascach

Rapóirtéir: Carmen Crespo Díaz

CLÁR

Leathanach

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN - ACHOIMRE AR FHÍORAIS AGUS AR THORTHAÍ 3

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 6

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR 11

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN - ACHOIMRE AR FHÍORAIS AGUS AR THORTHAÍ

Is cuid de stair, de chultúr agus d'fhéiniúlacht na hEorpa í an iascaireacht sa Mheánmhuir. Leis na céadta bliain, tá pobail chósta na Meánmhara tar éis a bhforbairt eacnamaíoch agus shóisialta a fhorbairt bunaithe ar ghníomhaíocht iascaireachta a ráthaíonn ní hamháin bia ar ardchaighdeán do na milliúin saoránach Eorpach, ach a chuireann freisin le comhtháthú críochach, le fostaíocht agus le caomhnú eolais agus traidisiún atá fréamhaithe go domhain.

Le glacadh Rialachán (AE) 2019/1022 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar, tugadh aghaidh ar an ngá atá le téarnamh stoc éisc áirithe atá faoi bhrú a áirithiú. Tá an cuspóir céanna ag an earnáil, ag na Ballstáit agus ag na hinstitiúidí Eorpacha chun saothrú inbhuanaithe acmhainní muirí a bhaint amach. Mar sin féin, tar éis níos mó ná cúig bliana de chur chun feidhme, is léir ón taithí charntha go bhfuil teorainneacha suntasacha ag baint leis an gcreat rialála atá ann faoi láthair ar gá athbhreithniú domhain práinneach a dhéanamh orthu, chun cuspóir coiteann an Aontais a chur chun cinn maidir le hiomaíochas a mhéadú i ngach réimse.

Le linn na tréimhse sin, rinne cabhlach na Meánmhara iarrachtaí urghnácha oiriúnú a dhéanamh. Ghlac iascairí le laghduithe comhleanúnacha ar an iarracht iascaireachta, d'íoc siad as costais shuntasacha eacnamaíocha agus d'infheistigh siad acmhainní suntasacha chun inbhuanaitheacht a ngníomhaíochta a fheabhsú. Trí threalamh níos roghnaithí a ghlacadh, trí dhoirse eitilte a ionchorprú, trí mhogall níos roghnaí a úsáid agus trí fheabhsuithe teicniúla eile, léirítear tiomantas na hearnála do chaomhnú acmhainní agus dá dtionchar ar an gcomhshaol a laghdú chun go mbeidh sí in ann leanúint dá gníomhaíocht, rud a thacaíonn leis na mílte cuideachtaí iascaireachta sa Mheánmhuir, ar le teaghlaigh atá ag obair iad den chuid is mó.

Chuir na hiarrachtaí sin le torthaí dearfacha i ndaonraí áirithe. Mar sin féin, léirigh cur chun feidhme praiticiúil an phlean deacrachtaí suntasacha eacnamaíocha agus sóisialta freisin. In go leor cásanna, mar gheall ar an laghdú leanúnach ar laethanta iascaireachta, tá gníomhaíocht soithí gar do na híostairseacha brabúsachta nó faoina mbun fiú, rud a chuireann inmharthanacht fiontar iascaireachta i mbaol, athnuachan ó ghlúin go glúin agus fostaíocht a choinneáil ar bun i bpobail chósta i mbaol.

Cuirtear i dtábhacht sa mheasúnú sin go leanann an mhodheolaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair faoin bplean ilbhliantúil de phríomhualú a thabhairt do tháscairí bitheolaíocha, gan na hiarmhairtí socheacnamaíocha a eascraíonn as cinntí bainistíochta a chomhtháthú go leordhóthanach. Tá an Comhbheartas Iascaigh bunaithe ar thrí cholún dhoscartha: inbhuanaitheacht comhshaoil, inbhuanaitheacht eacnamaíoch agus inbhuanaitheacht shóisialta. Ní féidir aon cheann acu a fhorbairt ina n-aonar.

Measann an Rapóirtéir gur cúis imní ar leith é cur chun feidhme an choincheapa 'an pobal is leochailí', as ar eascair córas docht bainistithe iarrachta bunaithe ar loighic na dtachtspeiceas, mar a thugtar orthu. Leis an gcur chuige sin, ní léirítear go leordhóthanach réaltacht iascach na n-iascach measctha sa Mheánmhuir, arb é is príomhthréith dó speicis iomadúla a ghabháil go comhuaineach agus éagsúlacht mhór oibríochtúil idir réigiúin agus ranna cabhlaigh.

Dá bhrí sin, moltar sa tuarascáil athchóiriú uaillmhianach a dhéanamh ar an rialachán chun a oibríocht a chur in oiriúint d'fhíor-shaintréithe iascaigh na Meánmhara. Áirítear ar na

leasuithe atá beartaithe an sainmhíniú ar an ‘stoc is leochailí’ a bhaint, critéir shocheacnamaíocha a ionchorprú go sainráite sa chinnteoireacht agus i leithdháileadh na laethanta iascaireachta, chomh maith leis an athchóiriú ar Airteagal 4 chun cineál measctha na n-iascach sin a aithint go hiomlán.

Tá sé beartaithe freisin sásraí solúbthachta atá ann cheana i bpleananna ilbhliantúla eile de chuid an Aontais Eorpaigh a thabhairt isteach, lena n-áirítear cobhsaitheoirí a chuireann teorainn le laghduithe bliantúla ar an iarracht iascaireachta, aistrithe bliantúla agus córais bhainistíochta níos intuartha a chuireann ar chumas cuideachtaí a ngníomhaíocht agus a n-infheistíochtaí a phleanáil sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

Ní mór aird ar leith a thabhairt freisin ar chás sonrach iascach áirithe. Sampla paraidíme de rialáil róchasta is ea iascach na séaclaí dearga, agus é faoi réir córas cuótaí agus teorainneacha ar laethanta iascaireachta go comhuaineach. Chruthaigh an srian dúbailte sin deacrachtaí suntasacha eacnamaíocha agus oibríochtúla, agus dá bhrí sin, iarrtar sa tuarascáil go mbainfí go práinneach é.

Chun feabhas a chur ar rialachas iascaigh sa Mheánmhuir, ní mór an bonn eolaíoch le haghaidh cinntí a neartú freisin. Is gnéithe riachtanacha iad infhaighteacht sonraí iontaofa, comhordú idir comhlachtaí eolaíocha náisiúnta, Eorpacha agus réigiúnacha, agus comhar leis an gCoimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir chun cinntí trédhearcacha agus eolasacha a áirithiú. Ar an gcaoi chéanna, is gá measúnú cuí a dhéanamh ar éifeachtaí iarbhír na mbeart a rinneadh cheana sula ndéanfar tuilleadh laghduithe ar dheiseanna iascaireachta a mheas.

Níl inbhuanaitheacht iascaigh na Meánmhara ag brath go hiomlán ar chabhlaigh Eorpacha. Mar gheall ar ghníomhaíochtaí iascaireachta neamhdhleathacha, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a bheith fós ann in imchuach na Meánmhara, chomh maith leis na difríochtaí i leibhéal na comhlíontachta idir tíortha cósta, cruthaítear cásanna iomaíochta éagóraí agus cuirtear isteach ar na hiarrachtaí atá déanta ag iascairí na hEorpa. Dá bhrí sin, tá an tuarascáil tiomanta don chomhar réigiúnach, ról an Choimisiúin Ghinearálta Iascaigh don Mheánmhuir agus acmhainneachtaí rialaithe, cigireachta agus faireachais na mBallstát agus na Gníomhaireachta Eorpaí um Rialú ar Iascach araon a neartú.

Is earnáil straitéiseach don Aontas Eorpach é an t-iascach freisin. I gcomhthéacs geopholaitiúil ina bhfuil méadú ag teacht ar thábhacht an neamhspleáchais straitéisigh agus na slándála bia, is sócmhainn fhíor-riachtanach é táirgeadh iascaigh na hEorpa nach mór a chosaint agus a neartú. Is réamhriachtanas é cabhlach nua-aimseartha, iomaíoch agus inbhuanaithe a choinneáil ar bun chun an spleáchas ar allmhairí ó thríú tíortha a laghdú agus chun soláthar táirgí iascaigh ardcháilíochta do thomhaltóirí Eorpacha a áirithiú.

Ar deireadh, measann an Rapóirtéir go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh an t-athbhreithniú a dhéanfar amach anseo ar phlean ilbhliantúil na Meánmhara Thiar mar chuid d’iarracht níos leithne chun an Comhbheartas Iascaigh a shimpliú agus a nuachóiriú. Ní mór do rialacháin Eorpacha leanúint d’inbhuanaitheacht acmhainní a áirithiú, ach ní mór dóibh a bheith níos intuigthe, níos comhréirí agus níos oiriúnaí do réaltacht oibríochtúil na hearnála freisin. Ní mór iomaíochas chabhlach na hEorpa, athnuachan ó ghlúin go glúin, nuálaíocht agus brabúsacht eacnamaíoch a bheith i gcroílár bheartais iascaigh an Aontais arís eile.

Is é is aidhm don tuarascáil seo rannchuidiú leis an gcuspóir sin trí thogra cothrom lena gcomhcheanglaítear inbhuanaitheacht comhshaoil, inmharthanacht eacnamaíoch agus

comhtháthú sóisialta, lena n-áirithítear todhchaí d'iascaigh na Meánmhara agus do na pobail a bhíonn ag brath orthu.

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir leis an bplean ilbhliantúil do stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar (2026/2074(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don phlean ilbhliantúil do stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar,

– ag féachaint d'Airteagal 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, d'Airteagail 4, 43(3) agus 191 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus d'Airteagal 37 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (dá ngairtear 'CBI' anseo feasta),

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na hiascaigh a shaothraíonn stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023, lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach thoir agus sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1936/2001, (AE) 2017/2107 agus (AE) 2019/833, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/1627,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/2842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) 2016/1139, (AE) 2017/2403 agus (AE) 2019/473 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialú ar iascach;

– ag féachaint don tuarascáil ar staid an iascaigh sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh ón gCoimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir (CGIM) de chuid Eagraíocht Bhia

agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO),

– ag féachaint do Threoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí),

– ag féachaint do Threoir 2014/89/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 lena mbunaítear creat do phleanáil spásúil mhuirí (an Treoir maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí),

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) an 10 Nollaig 2020 dar teideal ‘Gné Shóisialta CBI’ (CETEI 20-14),

– ag féachaint do rún uaithi an 11 Bealtaine 2023 maidir le hearnáil láidir inbhuanaithe algaí san Aontas,

– ag féachaint do rún uaithi an 19 Eanáir 2023 ar staid an iascaigh ar mionscála san Aontas agus léargas ar an todhchaí,

– ag féachaint do rún uaithi an 18 Eanáir 2024 maidir le staid na himeartha i ndáil leis an gComhbheartas Iascaigh a chur chun feidhme agus peirspictíochtaí a bheidh ann amach anseo,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Meitheamh 2025 dar teideal ‘An Comhshocrú Eorpach um an Aigéan’ (COM(2025)0281),

– ag féachaint don tuarascáil ó Enrico Letta i mí Aibreán 2024 dar teideal ‘Margadh thar an gCoitiantacht’,

– ag féachaint do thuarascáil Mario Draghi an 9 Meán Fómhair 2024 maidir le todhchaí iomaíochas na hEorpa ‘Todhchaí iomaíochas na hEorpa’,

– ag féachaint do na treoirlínte polaitiúla don chéad Choimisiún Eorpach eile 2024-2029, dar dáta an 18 Iúil 2024,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 29 Eanáir 2025 dar teideal ‘compás Iomaíochais don Aontas Eorpach’ (COM(2025)0030),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 16 Deireadh Fómhair 2025 dar teideal ‘An Comhshocrú don Mheánmhuir Aon Mhuir Amháin, Aon Chomhshocrú Amháin, Aon Todhchaí Amháin’,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 6 Meitheamh 2025 dar teideal ‘Iascaigh inbhuanaithe san Aontas Eorpach: staid na himeartha agus treoirlínte do 2026’ (COM(2025)0296),

– ag féachaint do Riail 55 dá Rialacha Nós Imeachta, mar aon le hAirteagal 1(1)(e) den chinneadh ó Chomhdháil na nUachtarán an 12 Nollaig 2002 maidir leis an nós imeachta i gcomhair údarú a dheonú chun tuarascálacha féintionscnaimh a tharraingt suas, agus d’Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gcinneadh sin,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iascach (A10-0000/2026),

A. de bhrí go bhfuil an Mheánmhuir ar cheann de na réigiúin mhuirí is éagsúla ar domhan, ar réigiún í a thacaíonn le pobail agus geilleagair chósta a bhí ag brath ar iascaigh leis na mílte bliain, agus a fheidhmíonn mar thobar na sibhialtachta agus mar cholún bunúsach d'fhéiniúlacht chultúrtha, stairiúil agus eacnamaíoch na hEorpa;

B. de bhrí go bhfuil earnáil iascaigh na Meánmhara bunriachtanach don fhostaíocht, don chomhtháthú críochach agus don tslándáil bia san Aontas;

C. de bhrí, le seacht mbliana anuas, go raibh cabhlaigh iascaireachta na Meánmhara faoi réir laghduithe suntasacha ar an iarracht iascaireachta agus i ranna áirithe, amhail cabhlach trálaer na Spáinne, go bhfuil na laghduithe sin níos mó ná 44 %;

D. de bhrí go bhfuil iarrachtaí suntasacha déanta ag an gcabhlach iascaireachta, go háirithe sa Mheánmhuir, chun oiriúnú agus nuáil a dhéanamh i dtreo cleachtais níos inbhuanaithe, go háirithe i gcuid na dtrál;

E. de bhrí gur chuidigh na bearta cúitimh a cuireadh i bhfeidhm maidir le cabhlach na Meánmhara le héifeachtaí socheacnamaíocha na laghduithe ar an iarracht iascaireacht a mhaolú go páirteach, ach nach leor iad chun inmharthanacht fhadtéarmach na hearnála a áirithiú;

F. de bhrí gur thug CETEI agus CGIM dá n-aire go bhfuil bearnaí suntasacha fós sna sonraí eolaíocha maidir le stoic ghrinnill sa Mheánmhuir, rud a fhágann go bhfuil sé deacair measúnú cuí a dhéanamh orthu;

G. de bhrí gur gineadh 'tachtspeicis' *de facto* tríd an iarracht iascaireachta a nascadh leis an stoc is leochailí, rud a raibh éifeachtaí díréireacha aige ar iascach measctha agus ar inmharthanacht eacnamaíoch na hearnála;

H. de bhrí, tar éis cúig bliana de chur chun feidhme, go bhfuil torthaí measctha léirithe ag plean ilbhliantúil na Meánmhara Thiar, le comharthaí dearfacha téarnaimh do stoic áirithe, amhail séacla bán domhainmhara, agus go léiríonn cinn eile, go háirithe colmóirí mar an stoc is leochailí, téarnamh níos moille;

I. de bhrí nach bhfuil na sásraí solúbthachta agus cobhsaíochta ó bhliain go bliain atá le fáil i bpleananna ilbhliantúla eile de chuid an Aontais i bplean ilbhliantúil na Meánmhara Thiar, rud a fhágann go bhfuil éiginnteacht dhlíthiúil agus dothuarthacht eacnamaíoch ann;

J. de bhrí go n-éilíonn cineál iascaireachta measctha na Meánmhara, ina ngabhtar speicis iolracha go comhuaineach, bearta bainistíochta oiriúnaitheacha lena gcuirtear i gcuntas roghnaíocht cabhlaigh, nuálaíocht trealaimh agus athléimneacht shocheacnamaíoch;

K. de bhrí nach bhfuil rialú leordhóthanach fós á dhéanamh ar iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN) agus ar ghníomhaíochtaí cabhlach tríú tír sa Mheánmhuir, agus go bhfuil éifeachtaí diúltacha aige sin ar stoic iascaireachta agus ar iomaíochas chabhlach na hEorpa;

L. de bhrí gur gá earnáil na hiascaireachta a dhéanamh níos tarraingtí chun athnuachan ó ghlúin go glúin a áirithiú, a hiomaíochas a fheabhsú agus a hinmharthanacht a áirithiú;

M. de bhrí go bhfuil an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe bunriachtanach chun inbhuanaitheacht agus iomaíochas earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe a fheabhsú, chun tacú le Grúpaí Áitiúla Gníomhaíochta Iascaigh agus chun forbairt pobal cósta a neartú, agus gur cheart, dá bhrí sin, é a choinneáil mar chiste tiomnaithe le cistiú leormhaith;

An plean ilbhliantúil don Mheánmhuir Thiar a athchóiriú

1. ag tathant ar an gCoimisiún togra reachtach a thíolacadh, faoin 1 Nollaig 2026, le haghaidh athchóiriú cuimsitheach ar Rialachán (AE) 2019/1022, tríd an méid seo a leanas a leasú:

   A) cur chuige sonrach a chur in ionad na rialacha laghdaithe iarrachta atá ann cheana in Airteagal 4(3) maidir le hiascaigh mheasctha a bhainistiú, mar a chuirtear i bhfeidhm i bpleananna ilbhliantúla eile, trí dheireadh a chur leis an teorainn ar laethanta iascaireachta mar gheall na ‘tachtspeicis’;

   B) sásraí solúbthachta oiriúnaitheacha a thabhairt isteach, amhail 10 % ar a laghad de na deiseanna iascaireachta a aistriú ó bhliain go bliain agus timthriallta débhliantúla bainistithe iarrachta a bhunú, chun intuarthacht fhadtéarmach a sholáthar d’iascairí agus d’earnálacha próiseála;

   C) cobhsaitheoirí a bheith acu lena dteorannaítear laghduithe agus méaduithe i laethanta go 20 %, ar choinníoll go sáraítear íostairseach meá ar mheá, lena n-áirítear go sainráite an tionchar socheacnamaíoch ar chinnteoireacht (Airteagal 3);

2. á chur in iúl gur geal léi an glao ar fhianaise le haghaidh measúnú tionchair a d’fhoilsigh an Coimisiún an 26 Bealtaine 2026 maidir leis an bplean ilbhliantúil, chomh maith lena ghealltanas measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí socheacnamaíocha na mbeart a cuireadh chun feidhme;

3. á iarraidh ar an gCoimisiún comhairliúcháin éigeantacha a dhéanamh leis na geallsealbhóirí ábhartha uile, go háirithe Comhairle Chomhairleach na Meánmhara, comhlachtaí eolaíocha réigiúnacha, eagraíochtaí iascairí agus tionscail phróiseála, sula nglacfaidh sé srianta breise;

4. á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú práinneach a dhéanamh ar staid shonrach iascach an tséacla dheirg, arb é an t-aon speiceas atá faoi réir dhá bheart chomhéigneacha ag an am céanna amhail córas na gcuótaí agus na teorainneacha ar laethanta iascaireachta, chun deireadh a chur le hualach rialála dúbailte a raibh tionchar an-tromchúiseach aige ar inmharthanacht eacnamaíoch agus oibríochtúil an iascaigh sin sa Mheánmhuir Thiar;

Rialachas iascaigh sa Mheánmhuir a neartú: eolaíocht, faireachán agus comhar réigiúnach

5. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit comhordú an taighde eolaíoch iascaigh a neartú leis na sonraí is cothroime le dáta ar an leibhéal Eorpach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach, feabhas a chur ar idir-inoibritheacht agus ar mhalartú idir bunachair sonraí an Aontais, bunachair sonraí CGIM agus institiúidí teicniúla náisiúnta;

6. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di na tuairiscí maidir le hiascaireacht NNN ag tríú tíortha in uiscí na Meánmhara, lena n-áirítear limistéir eacnamaíocha eisiacha na mBallstát; á chur i bhfáth gur gá Oifig Eorpach um Rialú Allmhairí a bhunú chun cosc a chur ar tháirgí NNN teacht isteach sa mhargadh inmheánach;

7. ag tathant ar an gCoimisiún an comhar réigiúnach a neartú trí Phlean Ilbhliantúil na Meánmhara Thiar a chomhtháthú i gcreat níos leithne bheartas comharsanachta an Aontais; á chur in iúl gur geal léi cuspóirí an Chomhshocraithe don Mheánmhuir arb é is aidhm dóibh comhar a neartú maidir le rialachas, rialú, cigireacht, faireachán agus faireachas iascaigh i gcoinne iascaireacht NNN;

Tacaíocht chothrom a áirithiú d'iascaigh na Meánmhara

8. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit buiséad imfhálaithe EUR 7 290 milliún ar a laghad a leithdháileadh chun tacú le nuachóiriú agus athnuachan cabhlaigh (lena n-áirítear trealamh roghnaitheach, innill astaíochtaí ísle, faireachán digiteach), scor sealadach agus cláir éagsúlaithe eacnamaíocha;

9. ag tathant ar an gCoimisiún Eorpach pacáiste reachtach simpliúcháin a thíolacadh chun iomaíochas an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú, lena n-áirítear athbhreithniú spriocdhírithe ar an rialachán maidir leis an bplean ilbhliantúil do stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar, lena n-ionchorpraítear na modhnuithe agus na hoiriúnuithe a shainaithnítear sa tuarascáil seo;

10. á iarraidh ar an gCoimisiún, sula dtabharfar isteach tuilleadh laghduithe ar dheiseanna iascaireachta, dóthain ama a thabhairt do na bearta a rinneadh cheana chun torthaí intomhaiste a bhaint amach agus chun measúnú cuí a dhéanamh ar a dtionchair bhitheolaíocha, eacnamaíocha agus shóisialta;

11. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuil ionchur curtha san áireamh aige ina thuarascáil ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar an chomhaid a fuair sé, le linn ullmhú na dréacht-tuarascála, ó na hionadaithe leasa seo a leanas a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], nó ó na hionadaithe údarás poiblí tríú tíortha seo a leanas, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí:

1. Ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach
Europêche
EBFA
CEPESCA
FNCP
FAAPE – Federación Andaluza de Asociaciones Pesqueras
FACOPE
Coldiretti Pesca
AndMuPes
FENAPA
EJF
EBCD
2. Ionadaithe ó údaráis phoiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí
Ionadaí ar bith

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir a n-ainm, a bhfeidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir go ndearna sé Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena leagtar amach na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj)